



Acmhainní do Phobal na Scoile





A Chathaoirligh is A Phríomhoide,

Ar feadh na seachtaine ón 29ú d'Eanáir ar aghaidh beidh **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** á ceiliúradh ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn. Is é téama **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009** ná "Scoileanna Caitliceacha – Fís ar Feadh an tSaoil".

Tá súil againn go mbeidh deis agaibhse agus ag pobal iomlán na scoile gné éigin de shainiúlacht Chaitliceach na scoile a cheiliúradh. Chuige sin tá réimse acmhainní ullmhaithe againn le cuidiú libh. Tugann an teolas seo a leanas léargas ar na hacmhainní agus conas mar a d'fhéadfaí úsáid a bhaint astu i rith na seachtaine.

SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009 – BILEOG EOLAIS

Molaimid daoibh cóipeanna a dhéanamh den bhileog agus iad a chur ar fáil

- * ar thaispeáint sa seomra foirne agus go poiblí ar fud na scoile
- * do thuismitheoirí agus baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí

CAD IS SCOIL CHAITLICEACH ANN?

Cuireadh an acmhainn seo chomh maith leis na bileoga dár teidil 'Machnaimh don Fhoireann' and 'Machnaimh do bhaill Bhoird Bhainistíochta/Gobharnóirí' ar fáil mar bhonnphointe díospóireachta agus machnaimh leis na grúpaí seo maidir le **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. Bheadh sé ar intinn againn go bhféadfadh an leathanach seo chomh maith leis na leathanaigh dár teideal '**Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** agus an Teaghlach' an díospóireacht a thabhairt ag an mbaile. Tá seans ann go mbeadh an Comhlachas Tuismitheoirí sásta comhoibriú leis an scoil agus féachaint chuige go dtabharfaí an teolas seo abhaile. B'fhéidir go mbainfeadh an Comhlachas Tuismitheoirí úsáid as na leathanaigh seo chomh maith.

SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA. IMEACHTAÍ:

Tá na leathanaigh bhreise oiriúnach chun go núsáidfe iad ag gach aon mhúinteoir. Tá súil againn go gcuirfidh siad fócas ar fáil dóibh chun **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** a cheiliúradh lena gcuid daltaí. Toisc go gcríochnaíonn an tseachtain ar an Domhnach an chéad lá de mhí Feabhra, molaimid dosna paróistí eagsúla go ndéanfaí ceiliúradh ar obair na scoileanna Caitliceacha áitiúla i rith Aifrin amháin ar an Domhnach sin.

Beidh tuairimí ann maidir leis na himeachtaí a bhaineann le **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** faoi chonas mar is féidir le' scoil féin páirt a ghlacadh san Aifreann. Tá acmhainní bhreise maidir leis an liotúirge le fáil in eagrán mhí Feabhra den iris *Intercom*.

Ní acmhainn uileghabhálach í an acmhainn seo. Le cúnaimh Dé tiocfaidh bláth ar an samhlaíocht agus ar an gcruthaitheacht atá le sonrú go forleathan ar scoil, i rith na seachtaine seo, an chéad **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** uile-Éireann. Go mbainfimid ar fad taitneamh agus tairbhe aisti!

Guímíd gach rath oraibh maidir le cheiliúradh **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**.

Le gach dea-mhéin,

BISHOP LEO O'REILLY
Comhchathaoirleach
Meitheal Tasc Straitéiseach don Oideachas

SR ELIZABETH MAXWELL PVBM
Comhchathaoirleach
Meitheal Tasc Straitéiseach don Oideachas



ADMHÁLACHA

Chuir Maeve Mahon agus Tonya Hanly na hacmhainní seo ar fáil i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha [Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009](#). Tá na daoine thíosluaite mar bhaill den gCoiste Stiúrtha:

Fr Gareth Byrne, Monsignor Jim Cassin, Fr Martin Delaney,
Fr Paul Farren, Ms Eileen Flynn, Ms Tonya Hanly, Ms Maura Hyland,
Mr Ferdia Kelly, Mr Martin Long, Ms Maeve Mahon, Ms Bernie Martin,
Mr Tony McCann, Ms Joan McCombe, Fr Declan O'Loughlin,
Ms Betty O'Riordan, Mr Tomás Ó Séaghdha, Mr Ned Prendergast,
Ms Marie Purcell, Fr PJ Sexton, Rev Marc Whelan CSSP agus
Sr Eithne Woulfe.





SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009: COMHAD FÍRICÍ

26ú Eanáir – 1ú Feabhra

CAD IS BRÍ LE SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA?

I mbliana, beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á ceiliúradh ar fud na tíre, i dTuaisceart Éireann áit ina bhfuil sí mar chuid bhunúsach den scoilbhliain le tamall anuas, agus don chéad uair i bPoblacht na hÉireann. Tá súil againn go ndéanfar ceiliúradh bliantúil den ról tábhachtach seo atá ag na bunscoileanna Caitliceacha agus na scoileanna Caitliceacha dara leibhéal maidir le hoideachas sainiúil a chur ar fáil dár ndaoine óga. Tá na scoileanna Caitliceacha in Éirinn mórálach i gceart as an bhfealsúnacht sainiúil oideachais seo atá fréamhaithe go daingean sna Soiscéil.

CÉN FÁTH AR SHOCRAÍOMAR SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA A GHAIRM AG AN BPOINTE SEO?

Tá dlúthcheangail idir na scoileanna agus leas phobal na hEaglaise, saol teaghlaigh agus leas na tíre. Tá sé tábhachtach go ndéanfaimis machnamh ar an bhfís a spreagann pobal na scoile. Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Comhdháil Easpaig Éireann tréadlitir dár teideal 'Fís 08 – Fís Don Oideachas Caitliceach'. Cuirfidh an cháipéis seo fócas lárnach ar fáil agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009 á ceiliúradh againn.

CÉN TÉAMA ATÁ LE SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA 2009?

Is é téama na seachtaine i mbliana ná 'Scoileanna Caitliceacha – Fís ar Feadh an tSaoil'

AN DO SCOILEANNA AMHÁIN AN CEILIÚRADH?

Tarlóidh na himeachtaí atá luaite le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar scoil, i measc na bparóistí agus go náisiúnta. Cuirfear acmhainní ar fáil trí na scoileanna, rud a chabhróidh leis an gceiliúradh a scaipeadh i measc teaghlaigh ar fud na tíre. Ar an mbealach seo leagfar béim ar bhunchuspóir na scoileanna maidir leis an Eaglais is an teaghlach, na paróistí agus saol iomlán an náisiúin.

CONAS IS FÉIDIR LIOM PÁIRT A GHLACADH?

Scrúdaigh na meáin áitiúla agus na meáin náisiúnta le haghaidh imeachtaí a bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Ceistigh do phríomhoide, nó ionadaí den gComhlachas Tuismitheoirí /Bord Bainistíochta/Bord Gobharnóirí faoi chonas mar a cheiliúrfaidh do scoil féin Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Beidh tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.catholicbishops.ie





CAD IS SCOIL CHAITLICEACH ANN?

SA SCOIL CHAITLICEACH:

- * Cuirtear fíis sainiúil saoil ar fáil agus fealsúnacht chuí oideachais atá bunaithe ar Shoiscéal Íosa Críost
- * Déantar gach iarracht timpeallacht foghlama a chruthú ina spreagtar agus ina gcabhraítear leis na páistí a gcumais iomlán uathúil a fhorbairt mar neachanna daonna, déanta in íomhá Dé
- * Déantar iarracht mic léinn a mhúnlú chun go núsáidfidh siad a gcuid talanna go neamhleithleach ar mhaithe leis an bpobal, chun sochaí chóir chomhbhách a chruthú
- * Tá pobal fáiltiúil cuimsitheach fulangach ann le meas ar gach traidisiún reiligiúnach agus creidimh
- * Bíonn comhoibriú comhpháirtíoch le tuistí agus le pobal an pharóiste chun solas an chreidimh a tugadh dúinn ag an mBaiste a adhaint
- * Cuirtear deiseanna adhartha ar fáil trín bpaidreoireacht agus trí cheiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí



MACHNAMH DON BHFOIREANN

Agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á ceiliúradh, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas bheith mar bhonnphointe do ghearmhachnamh leis an bhfoireann faoi 'Cad is Scoil Chaitliceach Ann'.

- * Cé acu ceann den sé ráiteas úd is fearr a oireann dod' scoil féin ag an bpointe seo? Cuir na sé ráiteas in ord tosaíochta maidir led' scoil féin.
- * An dtugann Ráiteas Éitis na scoile aitheantas don sé ráiteas seo?
- * Cad iad na cosúlachtaí? Cad iad na difríochtaí?
- * Conas a bheadh a fhios ag cuairteoir chun na scoile seo gur i scoil Chaitliceach atá siad?
- * Conas a dhéanann sibh measúnú ar an éifeacht atá ionaibh maidir le comhlánú ar Ráiteas Éitis na Scoile?
- * Conas mar is féidir libhse mar fhoireann cur i ngníomh Ráiteas Éitis na Scoile a thabhairt chun foirfeachta?
- * I rith na míosa seo chugainn, cén rud amháin a d'fhéadfadh sibhse mar fhoireann a ghlacadh idir lámha chun réaltacht oibiachtúil a dhéanamh de Ráiteas Éitis na scoile?

B'fhéidir gur mhaith libh críoch a chur leis an machnamh leis an bpaidir seo:

PAIDIR DON FHOIREANN

A Thiarna, cabhraigh linne páirt ghníomhach a ghlacadh ar scoil chun pobal creidimh a chruthú ina mbíonn fáilte agus comhbhá roimh chách. Treoraigh sinn ionas go dtuigfidimid go hiomlán go bhfuil sé de phribhléid againn bheith páirteach sa phobal Caitliceach seo ina mbíonn luach ar mheas dá chéile, ar síocháin, ar cóir agus ar luchtáir. Go dtabharfaimid dúshlán leanúnach dúinn féin, do chomrádaithe agus do mhic léinn trí fhocal agus ghníomh ionas go mbeimid i gcónaí ar thóir na foirfeachta. Cabhraigh linn láthair fhoghlama a chruthú a chabhróidh le cách a gcumais iomlán a chur i gcrích agus a dtallana nádúrtha a fhorbairt. Cuir i gcuimhne dúinn in aghaidh an lae gur chuid de thraidisiún láidir sinn, traidisiún a d'eascair ó na glúinte de phobal tiomanta. Nuair a bhíonn deacracht agus angar ag brú isteach orainn, cuir do Spiorad anuas orainn agus líon ár gcroí le foighne. Guímid go mbeidh tuiscint agus géarchúis ionainn i gcónaí mar phobal. Áiméan.



MACHNAMH DON BHORD BAINISTÍOCHTA/GOBHARNÓIRÍ


Agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á ceiliúradh againn, b'fhéidir go bhféadfaí machnamh gearr do bhaill an Bhoird Bhainistíochta/Gobharnóirí a bhunú ar na ceisteanna seo faoin leathanach "Cad is Scoil Chaitliceach Ann?"

D'fhéadfaí an díospóireacht a thosú leis an bpaidir seo:

PAIDIR DO BHORD BAINISTÍOCHTA/GOBHARNÓIRÍ

A Dhia Ghrámhar, iarraimid ort bheith i láthair linn inniu agus sinn ag glacadh páirte sa Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí seo. Treoirigh sinn le go ndéanfaimid cinnithe atá bunaithe ar an gcóir agus ar an ngéarchúis. Deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn déileáil leis na dúshláin a thagann inár dtreo. Go seasfaimid i gcónaí le héiteas agus spiorad sainiúil na scoile seo ionas gur pobal bunaithe ar dhea-ghaol leatsa agus le cách a bheidh anseo againn. Áiméan.

- * Cuir na sé ráiteas in ord tosaíochta maidir le'd scoil féin.
- * Cé acu ceann den sé ráiteas úd is fearr a oireann dod' scoil féin ag an bpointe seo?
- * An dtugann Ráiteas Éitis na scoile aitheantas don sé ráiteas seo?
- * Cad iad na cosúlachtaí? Cad iad na difríochtaí?
- * Conas a bheadh a fhios ag cuairteoir chun na scoile seo gur i scoil Chaitliceach atá siad?
- * Cé chomh fada ó shin a rinneadh measúnú nó leasú ar Ráiteas Éitis na scoile?
- * An dtacaíonn an Bord go gníomhach le forbairt leanúnach creidimh gach ball de phobal na scoile?
- * An bhfuil fhios agat conas mar a dhéantar ceiliúradh ar an liotúirge agus ar na sacraimintí ar scoil, agus an nglacann sibh féin páirt riamh?
- * Conas a dhéanann sibhse mar Bhord comhpháirtíocht a chur chun cinn maidir leis an scoil, an teaghlach agus an paróiste?



SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA SA BHAILE

A Thuistí/Bardaigh Ionúine,

Seo an chéad uair a rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i bPoblacht na hÉireann. Cabhraíonn an tseachtain seo linne bheith eolach faoin ról tábhachtach atá ag oideachas Caitliceach sa tír seo. Tá súil againn go mbeidh am ag gach aon bhall den phobal áitiúil, tuismitheoirí, baill den fhoireann, baill an Bhoird Bhainistíochta/Gobharnóirí agus mic léinn machnamh a dhéanamh faoin mbrí a bhaineann le bheith i scoil Chaitliceach agus conas mar is féidir linne an tacaíocht is fearr a thabhairt don obair iontach atá á dhéanamh i ngach scoil Chaitliceach.

Cuireadh na gníomhaíochtaí seo leanas le chéile ionas go bhféadfadh sibh iad a dhéanamh le daltaí scoile an teaghlaigh. Tá súil againn go gcabhróidh siad libh machnamh a dhéanamh faoin saghas scoile a roghnaigh sibh do bhur bpáistí agus faoin bhfáth go ndearna sibh an cinneadh sin.

PAIDIR DO THUISTÍ/BARDAIGH

A Dhia Ghrámhar, roghnaigh mé scoilíocht Chaitliceach dom' pháiste/páistí.

Cabhraigh liom bheith mar eiseamláir dóibh ionas go dtuigfidh siad go maith an bhrí atá le bheith mar bhall de phobal creidimh. Bí liom a Dhia nuair a bheidh sé deacair cinneadh ceart a dhéanamh, nuair a bheidh dualgais treascracha ag brú isteach orm. Cabhraigh liom bheith tuisceanach lem' pháistí, agus éisteacht go foighneach leis an méid atá le rá acu. Go nglaca mé i gcónaí lem' pháistí mar dhaoine iontu féin, ní ar mhaithe lena ndéanann siad. Go dtuga mé an misneach dóibh bheith dílis i gcónaí dóibh féin agus duitse. Áiméan.

ÁBHAR MACHNAIMH DO THUISTÍ/BARDAIGH

- * An dóigh leat gur rud tábhachtach é go bhfreastalaíonn do pháiste ar scoil Chaitliceach?
- * Conas mar is féidir leatsa agus led' mhuintir tacú leis an obair sa scoil Chaitliceach?
- * Ar léigh tú Ráiteas Éitis na scoile?



GLAC AN TAM CHUIGE CHUN GUÍ LE CHÉILE SA BHAILE


A Thiarna Ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as ucht gur chruthaigh tú gach uile dhuine againn id' íomha féin. Tuigimid go bhfuil grá agat dúinn. Creidimid go dtógann tú ar do bhos sinn. Cabhraigh linn bheith níos mó cosúil leatsa in aghaidh an lae. Beannaigh na daoine fásta uile ar scoil a thugann aire dúinn ar iliomad bealaí éagsúla. Go gcabhróimid le chéile scoil a bheith againn atá mar áit ina dtugaimid aire dá chéile, ina nglacaimid an tam chuige chun guí in aghaidh an lae, agus ina mbímid chomh maith agus is féidir, mar do chruthaigh tusa sinn agus rinne tú éacht ionainn. Áiméan.

SA SCOIL CHAITLICEACH – CUARDACH FOCAL

Tá an cuardach focal seo lán d'fhocail a dhéanann cur síos ar an saol i scoil Chaitliceach : ár niompar, na daoine agus na nithe a dhéanaimid cur síos orthu, an saol thart timpeall orainn, an cine a bhuaileann linn.



BÍOBLA
COMHBHÁCH
CAITLICEACH
DIA
SOISCÉAL
ÍOSA
LIOTÚIRGE
GRÁ
MUIRE
AIFREANN
PARÓISTE
GUÍ
SAGART
CREIDEAMH
PAIDRÍN
SACRAIMINTÍ
ÁIT NAOFA
NAOIMH
DEALBHA
FÁILTÍUIL



SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA: GNÍOMHAÍOCHTAÍ

ÁIT NAOFA

Tá Áit Naofa cruthaithe ag an-chuid scoileanna ar an mbealach isteach chun na háite. Is féidir aitheantas a thabhairt do Éiteas na scoile ar bhealach an-shimplí ag baint úsáide as an Áit Naofa. Tugann an ceiliúradh seo de **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha** deis dúinn Áit Naofa a chruthú mura mbíonn ceann againn cheana féin, agus is féidir fócas nua bheith ann do láithreacha seanbhunaithe. Is cinnte go mbeidh na nithe seo ann mar bhuneilimintí:

- * Éadach glas a chiallaíonn go bhfuilimid i dtráth saor na bliana
- * Coinneal
- * An Bíobla Naofa
- * Crois nó cros chéasta
- * Uisce coisricthe
- * Dealbh

Le haghaidh **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** b'fheidir go bhféadfá cuid desna rudaí seo bheith ann chomh maith:

- * Cóip fhrámaidhe de Ráiteas Éitis na scoilet
- * Liosta iomlán de bhaill fhoireann na scoile
- * Postaer mar fhógra do **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha**
- * Bosca nó ciseán achainí le go bhféadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill phobal na scoile a gcuid achainí a chur isteach ann i rith na seachtaine chun guí a dhéanamh ar a son ag Aifreann a bheadh á rá ar an Domhnach, an 1ú Feabhra
- * Mana na scoile, suaitheantas na scoile, éarlámh na scoile

IONAID TAISPEÁNTAIS

Múinteoirí a spreagadh chun taispeántais a chur ar fáil taobh istigh nó taobh amuigh den seomra ranga a thugann léargas ar shaol Caitliceach na scoile.



SEACHTAIN NA SCOILEANNA CAITLICEACHA : TIONÓIL

AN CHÉAD PHAIDIR

A Dhia Ghrámhar, tagaimid le chéile inniu in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spiorad Naomh. Lasaimid coinneal na scoile, agus cuireann an lasair seo i gcuimhne dúinn go bhfuil tusa inár láthair pé áit ina dtagaimid le chéile id' ainmse. I rith na seachtaine seo tá **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** á ceiliúradh inár dtír. Tá áthas orainn bheith páirteach i scoil Chaitliceach. Gabhaimid buíochas leat as ucht na ndaoine go léir a ghlacann páirt i saol phobal na scoile agus a chinntíonn gur áit faoi leith atá inti. Cabhraigh linne ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí agus sinn ag maireachtáil de réir do thoilse. Áiméan.

MOLTAÍ MAIDIR LE HIOMANN TOSAIGH

Seo é an Lá (Beo go Deo 8, lth 329)
Is Sinne Corp Chríost (Beo go Deo 6, lth 221)
Bailímis le Chéile (Beo go Deo 8, lth 285)

LÉACHT

Irimia 1: 4-9 – Glao Irimia

Tháinig briathar an Tiarna chugam, á rá, “Sular chum mé thú sa bhroinn bhí aithne agam ort; sular rugadh thú choisric mé thú; d’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha.” Ansin dúirt mise: “Ó, a Thiarna Dia, féach, ní fhéadaim labhairt, óir is leanbh mé.” Ach dúirt an Tiarna liom: “Ná habair, ‘Is leanbh mé.’ Téigh anois chuig gach duine chuig a gcuirfidh mise thú, agus cibé ní a ordóidh mise duit, déarfáidh tú é. Ná bíodh faitíos ort rompu, óir tá mise leat agus tusa faoi mo choimirce, is é an Tiarna a labhraíonn.”

MOLTAÍ MAIDIR LEIS AN SALM

Molaigí Éachtaí an Tiarna (Beo go Deo 8, lth 315)
Moladh go Deo le Dia (Beo go Deo 6, lth 306)

MACHNAMH – PAIDIR NAOMH TREASA AVILA

*Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa,
Níl lámh ná cos ar domhan aige seachas do chuidse,
Is leatsa na súile
Lena mbreathnaíonn sé thart le hatrúa,
Is leatsa na cosa lena dtéann sé chun maitheas a dhéanamh
Is leatsa na lámha lena mbeannaíonn sé iomlán na cruinne
Is leatsa na lámha, is leatsa na cosa,
Is leatsa na súile, Is tusa a chorp.
Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa,
Níl lámha ná cosa anois ar domhan aige seachas do chuidse,
Is leatsa na súile
Lena mbreathnaíonn sé thart le hatrúa,
Níl corp ar bith ag Críost seachas do chorpsa.*



PAIDREACHA MAR IDIRGHUÍ

Cuir ocht gcoinneal ins an Áit Naofa (ceann do gach aon rang agus coinneal lasta do gach paidir a léitear)

Freagra: *A Thiarna Éist lenár nguí.*

A Dhia ár nAthair, cuir do bheannacht ar an scoil agus orainne ar fad agus sinne ag foghlaim conas saothar agus spraoi a dhéanamh lena chéile. Guímid chun an Tiarna

A Dhia an Eolais, cabhraigh linne cluas le héisteachta a thabhairt dár mhúinteoirí agus dóibh siúd a chabhraíonn linn aithne a chur orainn féin, ar an domhan mórtimpeall orainn, agus ortsa ach go háirithe. Guímid chun an Tiarna

A Dhia an Ghrá, Go mbeidh fíorghrá á léiriú againn dá chéile i gcónaí i bhfocal agus i ngníomh. Guímid chun an Tiarna

A Dhia na Síochana, cabhraigh linne áit síochánta spioradálta a thógail ar scoil. Guímid chun an Tiarna

A Dhia na hEagna, bí linn nuair a bhíonn orainn roghanna a dhéanamh. Cabhraigh linn an cinneadh ceart a dhéanamh i gcónaí. Guímid chun an Tiarna

A Dhia an Chruthaithe, bhronn tú orainn an domhan álainn seo. Deonaigh go dtabharfaimid aire mhaith dó i gcónaí. Guímid chun an Tiarna

A Dhia an tSlánaithe, cuir do bheannacht ar gach easlán atá sa bhaile nó in ospidéal. Tóg ar do bhos iad ionas go dtuigfidh siad go hiomlán, do chúram grámhar. Guímid chun an Tiarna

A Dhia na nUile, gabhaimid buíochas leat as ucht do shíocháin agus do ghrá a bhronnadh orainn. Cabhraigh linne feidhmiú i gcónaí mar chlann an tsolais agus sinn ag tabhairt do sholas is do ghrá chuig an uile dhuine a bhuaileann linn. Guímid chun an Tiarna

AN PHAIDIR DHEIRIDH

A Dhia Ghrámhar, gabhaimid buíochas leat inniu as na múinteoirí, na tuistí, na sagairt, agus gach uile dhuine eile a chinntíonn gur áit iontach í an scoil seo againne. Cuimhnímid ar gach aon duine a ghlac páirt i saol phobal na scoile seo san am atá thart. Táimid uile ag súil le solas an chreidimh a adhaint sa toadhcháil.

Déanaimid ár nachainí trí Chríost ár dTiarna. Aiméan.

MOLADH DON IOMANN DEIRIDH

Críost Liom

(Beo go Deo 6, lth 200)

Bí Liom a Íosa

(Beo go Deo 6,, lth 176)



Dialann Urnaí

Nuair a chaithimid am ag guí i láthair Dé méadaíonn agus láidríonn an gaol eadrainn. Cabhraíonn an phaidreoireacht le tuiscint bheith againn go leanann grá Dé dúinn i gcónaí. Mhúin Íosa dúinn conas guí a dhéanamh nuair a bhronn sé focail an “Ár nAthair” orainn. De réir mar a bhí Íosa ag fás aníos láidrighe a chreidimh i nDia. “Agus bhí Íosa ag dul ar aghaidh in aigne agus i bpearsa agus i ngrásta i láthair Dé agus daoine.” (Lúcás 2:52) Táimidne ag fás aníos chomh maith agus ag cur aithne níos fearr ar Dhia. Cum do phaidir féin agus iarr ar Dhia bheith leat i gcónaí agus cuidiú leat aithne níos fearr fós a chur Air. Féach cad atá le rá ag Íosa faoin bpaidreoireacht ins na sliochta seo ó na scríoptúir: Matha 14:22-23, Marcas 1:35, Lúcas 5:15-26, Lúcas 6:12-13, Eoin 17:1-26.

Tá teimpléad thíos le húsáid más maith leat dialannaíocht a dhéanamh gach lá de [Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha](#)

Ainm _____ Dáta _____

Conas a mhothaím inniu?

Cad iad na rudaí ar mhaith liom buíochas a ghabháil dóibh inniu?

An bhfuil aiféala orm faoi rud ar bith inniu?

Cén chabhair a bheidh uaim don chuid eile den lá seo?






Guí

B'fhéidir gur mhaith leat na daltaí id' rang féin a spreagadh chun an phaidir seo a rá nuair a bhíonn **Seachtain na Scoileanna Caitliceacha** á ceiliúradh. D'fhéadfaidís é a scríobh i gcóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach agus í a mhaisiú. Seans gur mhaith leo paidir dá gcuid féin a chumadh chomh maith.

PAIDIR NA MAC LÉINN

A Thiarna Ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as ucht gur chruthaigh tú gach uile dhuine againn id' íomhá féin. Tuigimid go bhfuil grá agat dúinn. Creidimid go dtógann tú ar do bhos sinn. Cabhraigh linn bheith níos mó cosúil leatsa in aghaidh an lae. Beannaigh na daoine fásta uile ar scoil a thugann aire dúinn ar iliomad bealaí éagsúla. Go gcabhróimid le chéile scoil a bheith againn atá mar áit ina dtugaimid aire dá chéile, ina nglacaimid an tam chuige chun guí in aghaidh an lae, agus ina mbíimid chomh maith agus is féidir, mar do chruthaigh tusa sinn agus rinne tú éacht ionainn. Áiméan.





Naomh Aingeal Merici

Daoine daonna naofa atá ins na naoimh Chaitliceacha, ach daoine a mhair ar bhealach urghnách. D'fhreagair gach uile naomh na hEaglaise do chuireadh Dé úsáid a bhaint as na buanna faoi leith a bronnadh orthu. Tugann Dia cuireadh dúinne chomh maith, bheith mar naomh.

27ú Eanáir: Lá Féile Naomh Aingeal Merici; Bunaitheoir Ord na nUrsalach

Comhad Fíricí:

- * Rugadh Naomh Aingeal Merici sa bhliain 1474.
- * Fuair a cuid tuistí bás nuair a bhí sí deich mbliana d'aois agus chuaigh sí chun cónaithe lena huncail.
- * Am éagsúil a bhí ann an tráth úd agus ní dheachaigh cailíní ar scoil ar chor ar bith. Ní bhíodh múinteoirí baineann ann ach oiread, agus rinne Aingeal cinneadh athrú a chur ar chúrsaí.
- * Thug sí scata dá cairde le chéile a bhí sásta cailíní óga a oiliúint.
- * Mhúineadar léamh agus scríobh dosna cailíní. Thug siad eolas faoi Íosa dóibh freisin. D'éirigh chomh maith sin leis an méid a rinneadar gur thosaigh daoine eile ag déanamh aithris orthu. Chuala an Pápa faoi dhea-obair Aingil agus chuir sé ceist uirthi ord nua bean rialta a bhunú le gníomhú mar altráí. Dhiúltaigh Aingeal don bPapa áfach, toisc gur chreid sí gur mó an gá a bhí le múinteoirí seachas altráí.
- * Tamall ina dhiaidh sin thug sí ainm ar na mná a bhí ag obair léi. Tugadh Cuallacht Aingil de Naomh Ursula, nó na hUrsalaigh orthu. Dob iad an chéad chuallacht bean rialta a d'oibrigh taobh amuigh den chlochar iad, agus an chéad ghrúpa bean rialta le múineadh a dhéanamh.
- * Fuair sí bás sa bhliain 1540, in aois deich mbliana agus trí fichid di.
- * Canónaíodh sa bhliain 1807 í.
- * Is é an 27ú Eanáir lá féile Aingil.

Le Déanamh:

An bhfuil do scoil féin ainmnithe in onóir Naoimh? Má tá, cén eolas is féidir leat a fháil faoin Naomh úd? Cuir comhad fíricí le chéile faoin duine seo.

nó

An bhfuil ceangal ag Naomh ar bith led' pharóiste féin? Má tá, cén eolas is féidir leat a fháil faoin Naomh úd? Cuir comhad fíricí le chéile faoin duine seo.




San Tomás Acain

**28ú Eanáir: Lá Féile San Tomás Acain:
Éarlámh ar scoileanna, ar ollscoileanna agus
ar mhic léinn**

*Is féidir réiteach na leideanna a aimsiú sa
scéal seo a leanas.*

Rugadh San Tomás Acain sa bhliain 1226. Cuireadh ar scoil as baile é nuair a bhí sé cúig bliana d'aois, agus thuig a chuid múinteoirí go luath gur duine an-éirimiúil a bhí ann. Chomh luath agus a bhí sé fásta go leor, in aois seacht mbliana déag dó, shocraigh sé ar dhul isteach in Ord na nDoiminiceánach, ord a bhunaigh San Doiminic. Nuair a rinneadh sagart de, chaith sé roinnt ama ag múineadh i Naples. Ceithre bliana ina dhiaidh sin cuireadh go Paris é. D'éirigh sé thar a bheith cairdiúil le Louis, Rí na Fraince. Sa bhliain 1261, chuir an Pápa ceist air teacht chun na Róimhe le múineadh inti. Ba bhreá le Tomás bheith ag scríobh. Scríobh sé breis agus fiche leabhar le linn a shaoil. Fuair sé bás sa bhliain 1274. Canónaíodh sa bhliain 1323 é agus d'fhógair an Pápa Pius V mar Dhochtúir na hEaglaise é chomh maith. Thaitin an mhúinteoireacht chomh mór sin leis go mbreathnaítear anois air mar éarlámh ar scoileanna, ar ollscoileanna agus ar mhic léinn.



Trasna

5. Tá San Tomás Acain mar éarlámh orthu seo (10)
7. Cuireadh ar scoil é ag an aois seo (4)
9. Mhúin sé sa chathair seo (5)

Síos

1. Cé a bhunaigh an tord ina raibh Tomás mar shagart? (8)
2. Canónaíodh é sa chéad seo (2,8,5,4)
3. An aois a bhí aige nuair a chuaigh sé le hOrd na nDoiminiceánach (6,7,4)
4. Bronnadh an teideal seo air as ucht an méid eolais a bhí aige (8)
6. An méid leabhar a scríobh sé (5)
8. Ba bhreá leis é seo a dhéanamh (7)



Naomh Bríd

Déantar Lá Fhéile Bhríde a cheiliúradh ar an gcéad lá de mhí Feabhra 'chuile bhliain, an chéad lá den Earrach. Is ceann de phríomhéarlaimh Éireann í, agus éarlaimh ar Dheoise Chill Dara agus Leithghlinne í chomh maith.

Maidir leis na ceistanna seo, tá na freagraí le fáil sa chuardach focal thíos, rud a thabharfaidh roinnt eolais faoi Naomh Bríd duit. Seans go mbeidh ort do thaighde féin a dhéanamh chomh maith chun na bearnaí a líonadh.

Rugadh Naomh Bríd san áit seo i gContae Lú: F_____.
Bhaist Naomh Pádraig máthair Bhríde, agus B_____ ab' ainm di.
Rí ar Laighean ab ea athair Bhríde, darbh ainm D_____.
Nuair a bhí sí óg chuaigh sí chun éisteachta le Naomh P_____.
Ba bhreá léi aire a thabhairt don duine b_____ nó don e_____.
Thug sí c_____ a hathar uaithe do lobhar, uair.
Rinne sí cinneadh a saol a chaitheamh ar mhaithe le D____.
Thóg sí clochar i gC_____ D_____ agus tógadh m_____ go luath in aice leis.
Naomh C_____ a bhí mar chéad easpag uirthi.
Ba bhreá le Bríd taisteal, agus thóg sí c_____ ar fud na hÉireann.
Fuair sí bás sa bhliain 523.
Déantar comóradh ar Lá Fhéile Bhríde ar an gcéad lá F_____.
Insítear an-chuid s _____ faoi Naomh Bríd.



BROCCA
CONLAO
CLOCHAIR
DUBTACH
FOCHAIRD
FEABHRA
DIA
CILL DARÁ
MAINISTIR
PÁDRAIG
BOCHT
EASLÁN
SCÉALTA
CLAÍOMH



Tráth na gCeist Ranga

Ceisteanna faoi Íosa:

1. Cár rugadh Íosa?
2. Cén fáth go raibh ar Mhuire agus Íosaef taisteal go Beithil?
3. Cén phaidir a mhúin Íosa dúinn?
4. Cén uair a d'éirigh Íosa ó na mairbh?
5. Cén tainm a thug Íosa ar a chuid cairde speisialta?
6. Cad iad na tabhartais a thug na trí rí do Íosa?

Ceisteanna faoin mBíobla Naofa:

7. Cad is ainm do chéad leabhar an Bhíobla?
8. Cén dá chuid atá sa Bhíobla?
9. Bhronn Dia na hAitheanta ar cén duine?
10. Cé mhéad Aitheanta atá ann?
11. Ainmnigh leabhar amháin sa Sean-Tiomna.
12. Cé mhead Soiscéal atá ann?
13. Ainmnigh údair na Soiscéal?
14. Ainmnigh duine amháin a fuair leigheas ó Íosa?

Ceisteanna faoi na Sacraimintí:

15. Cé mhéad Sacraimint atá ann?
16. Cad iad na Sacraimintí atá glactha agat féin?
17. Cén ola a úsáidtear sa Chóineartú?
18. Cén Sacraimint a bhronntar ar fhir amháin?
19. Cad í an chéad Sacraimint a ghlacann duine?
20. Cathain a bhronntar an Ola Dhéanach agus Sacraimint na hAithrí ar duine?

Ceisteanna faoi na Naomh:

21. Cé a bhain úsáid as seamróg chun tuiscint faoin Athair, Mac agus Spiorad Naomh bheith ag daoine?
22. Ainmnigh dhá Naomh Éireannach.
23. Cén Naomh le lá féile ar an 26ú Nollaig gach bliain?
24. Cén Naomh atá ceangailte le Lourdes?
25. Cén Naomh a bhí báuil leis na hainmhithe?

Ceisteanna faoi do Dheoise:

26. Cad is ainm d'Easpag na deoise?
27. Cá bhfuil Ardeaglais na deoise?
28. Cad is ainm dod pharóiste?
29. An féidir leat cúig pharóiste id' dheoise a ainmniú?
30. Cé mhéad deoise in Éirinn?

Ceisteanna Ginearálta:

31. Cé mhéad Rúndiamhar atá sa Phaidrín Páirteach? (5 phointe breise as ucht iad a ainmniú.)
32. Cé mhéad 'Sé Do Bheatha a Mhuire' a deirtear i ndeichniúr amháin?
33. Cathain a chuirtear tús leis an mbliain liotúirgeach?
34. Cé mhéad léachtaí a chloisimid i rith Aifrinn an Domhnaigh?
35. Ainmnigh baill an Teaghlach Naofa.
36. Cén tainm a thugaimid ar an tráth troscaidh agus aithrí roimh Cháisc?
37. Cén áit ina mbíonn cónaí ag an bPápa?
38. Cén tainm a thug Zachairias agus Eiliosaibeit ar a mac?



Naomh Eoin Bosco

31ú Eanáir: Féile Naomh Eoin Bosco; Éarlamb don Óige

Comhad Fíricí:

- * Rugadh Eoin Bosco i dTurin na hIodáile sa bhliain 1815.
- * Fuair a athair bás nuair a bhí sé dhá bhliain d'aois.
- * Bhí an-chreidimh i nDia ag a mháthair, rud a chuir sí chuig Eoin.
- * Bhí bríonglóid ag Eoin agus é ina bhuachaill. Sa bhríonglóid seo dúirt fear agus bean leis ullmhú chun troda. Dhéanfadh sé an troid seo ar mhaithe le gach aon pháiste a bhí bocht nó míshona. Dúradh leis sa bhríonglóid go raibh sé de bhua aige cabhrú leis na páistí seo agus cairdeas a dhéanamh leo.
- * Bhí taithí ag Eoin féin ar bheith bocht agus ocrach, agus theastaigh uaidh cabhair a thabhairt do dhaoine óga dá leithéid. Bhí drochiompar i gceist maidir le roinnt desna daoine óga seo, agus bheadh sé deacair aird d'fháil uathu.
- * Dá bhrí sin, d'fhoghlaim sé conas draíocht a dhéanamh, agus fuair sé amach gur chabhraigh seo le haird na nógánach a mhealladh agus gur fhoghlaim is gur ghuigh siad go fonnmhar ansin.
- * Bhí an fhís seo ag Eoin Bosco i rith a shaoil. Spreagadh é chun bheith ina shagart, chaith sé sé bliana ag staidéar chuige, agus ornaíodh é go luath tar éis dó an sé bhliana is scór a shroicheadh. San Iodáil, tugtar Don ar sagart, agus glaodh Don Bosco air da bharr.
- * Agus é ina shagart, bheartaigh sé ar leanúint leis an obair a rinne sé leis an óige. Chaith sé am ar chuartaíocht príosúin áit a raibh cuid mhaith buachaillí agus cailíní agus shocraigh sé ar a shaol a chaitheamh ag iarraidh feabhas a chur ar choinníolacha sóisialta na mbochtán.
- * Bhí lucht leanúna fairsing aige agus bhunaigh sé ord sagart agus bráthar darbh ainm Na Sailéisigh, i ndiaidh Naomh Proinsias de Sales.
- * Thuig Don Bosco gurbh é an bealach ab fhearr cabhrú leis na daoine óga seo ná oideachas fiúntach a chur ar fáil dóibh. Chaith sé féin agus a lucht leanúna a gcuid ama á múineadh agus ag lorg postanna dóibh a thabharfadh tuarastal cothrom dóibh.
- * Níorbh fhada go raibh na Sailéisigh le fáil ar fud an domhain.
- * Fuair sé bás ar an 31ú Eanáir 1888 in aois trí bhliana déag agus trí scór dó. Déantar a lá féile a cheiliúradh ar an lá seo.



Teachtaireacht Don Bosco

Breis agus céad bliain tar éis bháis dó, tá teachtaireacht go fóill ag Don Bosco don óige. D'fhéadfaí na focail seo leanas a lua leis:

Bhí mise mar dhuine ded' leithéid. Theastaigh uaim brí bheith lem' shaol. Le cabhair Dé shocraigh mé gan mo chlann féin bheith orm, chun bheith mar athair, mar dheartháir agus mar chara dos na daoine sin a bhí gan athair, máthair nó cara. Má's maith leat bheith ar aon dul liomsa, siúlfaimid le chéile chun saol a chaitheamh leis na daoine a mhaireann i mbotháin bhailte Mheiriceá Theas, leis na lobhair san India, nó leis an oiread sin daoine bochta a chónaíonn i gcúlscráideanna suaracha ár gcathracha: daoine díothacha gan chion, gan aon bhrí lena saoil, daoine bochta ag brath ortsa agus ar Dhia chun maireachtála. Ar aon nós, mura dteastaíonn uait maireachtáil cosúil liomsa, ba mhaith liom fíoras tábhachtach amháin a mheabhrú duit: tá an saol seo, an tabhartas iontach a bhronn Dia orainn, le chaitheamh go fiúntach. Caithfidh tú do shaol i gceart mura gcaitheann tú go leithleach faoi cheilt id' chraiceann féin é, ach má bhíonn tú oscailte don ghrá, do thiomantas ar mhaithe le leas daoine atá níos boichte ná mar atá tú féin.

(Sailéisigh Éireann)

Pléigh agus Déan

- * Cen ábhair bhuíochais atá id' shaol féin? Déan liosta desna nithe seo agus cuir ar postaer iad ins an Áit Naofa atá id' sheomra ranga.
- * Conas is féidir leat do shaol a chaitheamh go fiúntach?
- * An bhféadfa smaoineamh ar rud ar bith a dhéanamh ar mhaithe le daoine nach bhfuil chomh maith as agus atá tú féin?
- * Scríobh agus maisigh beatha Don Bosco.



NÓTAÍ LIOTÚIRGEACHA

Is é an Domhnach an 1ú Feabhra an lá deireannach de **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. Moltar do gach paróiste díriú ar **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009** maidir le liotúirge an Domhnaigh. Cuireadh acmhainní ar fáil do gach paróiste mar chabhair san iarracht seo. Tá na hacmhainní seo le fáil in eagrán mhí Feabhra den iris *Intercom*. B'fhéidir go bhféadfadh na scoileanna sna paróistí éagsúla, páirt a ghlacadh i liotúirge an Domhnaigh ina bparóiste féin. Tá iliomad bealaí éagsúla ina bhféadfadh seo tarlú. Tá cúpla moladh anseo:

- * Déan teagmháil leis an sagart áitiúil nó duine de fhoireann an pharóiste. Tabhair cuireadh chun na scoile dóibh chun caint a dhéanamh faoi na bealaí ina bhféadfadh an scoil páirt a ghlacadh i liotúirge an Domhnaigh ar an 1ú Feabhra.
- * D'fhéadfaí taispeántas a chur sa séipéal áitiúil ag ceiliúradh na scoileanna Caitliceacha agus an pháirt a ghlacann siad i saol an pharóiste.
- * Déan ullmhú ar scoil le haghaidh léachtaí an Domhnaigh. Seo iad na tagairtí dóibh: *An Chéad Léacht: Deotranaimí 18:15-20, Salm: Salm 94, Dara Leacht: 1 Corantaigh 7:32-35, Soiscéal: Marcas1:21-28*.
- * Ceol. An mbeidh ceol ar fáil i rith liotúirge an Domhnaigh sa pharóiste? B'fhéidir go bhféadfadh an scoil páirt a ghlacadh sa cheol. Bí i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir ceoil sa pharóiste chun plé a dhéanamh faoi chonas a d'fhéadfadh pobal na scoile cur le liotúirge an Domhnaigh.
- * Má bhíonn an scoil in aice an tséipéil seans go bhféadfaí í a oscailt i ndiaidh liotúirge an Domhnaigh. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do phobal an pharóiste teacht ag breathnú ar thaispeántais nó tionscadail scoile a dhéanann ceiliúradh ar **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2009**. D'fhéadfaí sólaistí a chur ar fáil chomh maith.

Ní moltaí casta iad na moltaí seo. Smaoineoidh pobal na scoile ar rudaí breise a oirfidh do dhálaí áitiúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh dea-chumarsáid idir mhuintir na scoile is an paróiste a luaithe agus is féidir.



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN



CORI



VERITAS
www.veritas.ie